**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an chéad abairt d'Airteagal 15(3), arna léamh in éineacht le hAirteagal 12(5), de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) (RGCS) a léirmhíniú sa chaoi is nach bhfuil ar an rialaitheoir (sa chás seo, an dochtúir) cóip dá shonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an rialaitheoir a thabhairt saor in aisce don ábhar sonraí (sa chás seo, an t-othar) den chéad uair i gcás nach n-iarrann an t-ábhar sonraí an chóip sin chun na cuspóirí dá dtagraítear sa chéad abairt d'aithris 63 de RGCS a shaothrú, eadhon, chun a fháil amach faoin bpróiseáil dá shonraí pearsanta agus a bheith in ann dleathacht na próiseála sin a fhíorú, ach chun cuspóir eile (sa chás seo, chun fíorú an bhfuil ann do héilimh i leith dliteanais dochtúra) – nach mbaineann le cosaint sonraí ach atá dlisteanach – a shaothrú?

2. Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1:

   a) De bhun Airteagal 23(1)(i) de RGCS, an ionann foráil náisiúnta de Bhallstáit a glacadh sular tháinig RGCS i bhfeidhm agus srian freisin ar an gceart, dá bhforáiltear leis an gcéad abairt d'Airteagal 15(3), arna léamh in éineacht le Airteagal 12(5), de RGCS chun cóip a fháil saor in aisce de na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an rialaitheoir?

   b) Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 2(a): An gcaithfear Airteagal 23(1)(i) de RGCS a léirmhíniú sa chaoi go gcumhdaítear sna cearta agus saoirsí de dhaoine eile dá dtagraítear ann an leas atá acu gan a bheith orthu íoc as na costais a bhaineann le cóip de na sonraí a chur ar fáil de bhun na chéad abairte d'Airteagal 15(3) de RGCS agus costais eile arna dtabhú agus an chóip a chur ar fáil?

   c) Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 2(b): De bhun Airteagal 23(1)(i) de RGCS, an ionann reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, maidir leis an gcaidreamh idir an dochtúir agus an t-othar, go bhfuil ceart aisíocaíochta i gcónaí ag an dochtúir i gcoinne an othair i leith na dtáillí, beag beann ar imthosca sonracha an cháis, i gcás ina gcuireann an dochtúir cóip ar fáil don othar dá shonraí pearsanta ina thaifead leighis agus srian ar na hoibleagáidí agus na cearta dá bhforáiltear leis an gcéad abairt d'Airteagal 15(3), arna léamh in éineacht le hAirteagal 12(5), de RGCS?

3. Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1 agus ar Cheist 2(a), (b) agus (c): An gcumhdaítear sa cheart dá bhforáiltear leis an gcéad abairt d'Airteagal 15(3) de RGCS, maidir leis an gcaidreamh idir an dochtúir agus an t-othar, ceart chun cóipeanna a fháil de na codanna go léir ina bhfuil sonraí pearsanta sa taifead leighis nó an mbaineann sé sin le cóip de shonraí pearsanta an othair iontu féin a chur ar fáil, agus é faoin dochtúir is rialaitheoir na sonraí a chinneadh an bealach ina gcuirfeadh sé na sonraí le chéile don othar?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Elegktiko Synedrio (an Ghréig) a taisceadh an 11 Bealtaine 2022 – ACHILLEION Anonymi Xenodocheiaki Etaireia v Elliniko Dimosio

**(Cás C-313/22)**

(2022/C 311/08)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Elegktiko Synedrio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* ACHILLEION Anonymi Xenodocheiaki Etaireia

*Cosantóir:* Elliniko Dimosio

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. Chun críocha (i) Airteagal 30(1), (3) agus (4) de Rialachán Uimh. 1260/1999 [1] agus Riail Uimh. 1, pointe 1.9, de Rialachán Uimh. 1685/2000, [2] (ii) Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 70/2001 agus (iii) Airteagail 38 agus 39(1) de Rialachán Uimh. 1260/1999, Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 438/2001, [3] Airteagal 2(2) de Rialachán Uimh. 448/2001, [4] Airteagal 1(2) de Rialachán Uimh. 2988/1995 [5] agus Airteagal 14 de Rialachán Uimh. 659/1999, [6] an ionann díol an ghnóthais cuidithe mar aon lena shócmhainní seasta, agus modhnú substaintiúil den sórt sin go huathoibríoch ar choinníollacha cur chun feidhme na hinfheistíochta cómhaoinithe sa ghnóthas sin a mhéid is go dtugann sé údar maith do reachtaíocht náisiúnta, amhail Airteagal 18(5) de Chinneadh Comhpháirteach Aireachta Uimh. 192249/EYS 4057 an 19 Lúnasa 2002 (Cinneadh Aireachta Uimh. 9216/EYS 916 an 12-18 Feabhra 2004), lena ndéantar toirmeasc iomlán fadtéarmach a achtú ar aistriú sócmhainní seasta an ghnóthais fóirdheonaithe ar phian chúlghairme iomláne nó páirteach ar an gcinneadh lena ndeonaítear an cúnamh agus aisíocaíocht iomlán an deontais phoiblí a íocadh nó cuid de?

2. An gá (i) Airteagal 30(4) de Rialachán Uimh. 1260/1999; (ii) Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 70/2001 [7] agus pointe 4.12 de na Treoirlínte maidir le cúnamh réigiúnach náisiúnta a bhaineann le prionsabal marthanacht fhiontair bheaga agus mheánmhéide a bhfuil cúnamh á fáil acu agus (iii) Airteagail 38 agus 39 de 1260/1999, Airteagal 2(2) de Rialachán Uimh. 448/2001, Airteagail 1(2), 2 agus 4 de Rialachán Uimh. 2988/1995 agus Airteagal 14 de Rialachán Uimh. 659/1999 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach n-eascródh modhnú substaintiúil ar an oibríocht chómhaoinithe nó buntáiste míchuí a bheith ag aon cheann de na páirtithe conarthacha as na sócmhainní seasta agus an ghnóthas cuidithe féin a dhíol, go háirithe go dtí comhaontú scairshealbhóirí inmheánaigh atá beartaithe lena inmharthanacht a áirithiú, agus dá bhrí sin nach ionann é agus neamhrialtacht ná cúis leis an gcúnamh a aisghabháil, ar choinníoll nach modhnaítear na coinníollacha chun an infheistíocht a dhéanamh agus go dtagann an t-aistriú faoi chóras dlíthiúil faoina bhfuil an t-aistreoir agus an t-aistrí faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach do na fiacha agus do na dliteanais atá ann tráth an aistrithe?

3. An éilítear le hAirteagail 17, 52 agus 53 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, arna léirmhíniú i gcomhar le hAirteagal 1 de Phrótacal Uimh. 1 a ghabhann leis an ECHR, cothromaíocht chóir a bhaint amach idir bearta ceartaithe airgeadais agus bearta chun cúnamh a aisghabháil i gcomhréir le hAirteagal 38[(1)](h) agus 39(1) de Rialachán Uimh. 1260/1999, Airteagal 2(2) de Rialachán Uimh. 448/2001, Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 2988/1995 agus Airteagal 14 de Rialachán Uimh. 659/1999 agus ceart faighteoir an chúnaimh chun “maoine” a chosaint, rud a fhágann díolúine pháirteach nó fiú díolúine iomlán an fhaighteora mar thoradh air, fiú i gcás ina bhfaightear amach gur eascraíodh modhnú substaintiúil ar an oibríocht chuidithe nó buntáiste míchuí as an aistriú?

---

(1) Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha (IO 1999 L 161, lch. 1).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 1685/2000 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2000 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhmeRialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle maidir le hincháilitheacht caiteachais le haghaidh oibríochtaí a chomhmhaoinítear le Cistí Struchtúrtha (IO 2000 L 193, lch. 39).

(3) Rialachán (CE) Uimh. 438/2001 ón gCoimisiún an 2 Márta 2001 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe don chúnaimh arna dheonú faoi na Cistí Struchtúracha (IO 2001 L 63, lch 21).

(4) Rialachán (CE) Uimh. 448/2001 ón gCoimisiún an 2 Márta 2001 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle maidir leis an nós imeachta chun ceartuithe airgeadais a dhéanamh ar chúnamh arna dheonú faoi na Cistí Struchtúracha (IO 2001 L 64, lch. 13).

(5) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO 1995 L 312, lch. 1).

(6) Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO 1999 L 83, lch. 1).

(7) Rialachán (CE) Uimh. 70/2001 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2001 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE maidir le Státchabhair d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO 2001 L 10, lch. 33).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Ghearmáin) a taisceadh a 1 Meitheamh 2022 – Weingut A v Land Rheinland-Pfalz**

**(Cás C-354/22)**

(2022/C 311/09)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesverwaltungsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* Weingut A